CEACHT **35**

# AG DUL AR SCOIL




**A.** Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. Cá bhfuil tú anois? An raibh tú ar scoil inné? Níl Seán ar scoil. Cá bhfuil sé? Tá sé as láthair, déanach, etc.

**B. Cloisteáil, Aithint, Aithris**

**Bunchomhrá**

Tá Colm agus Seán ag dul ar scoil. Tá mála ag Colm. Tá mála ag Seán. Tá siad ag caint. Ní raibh Colm ar scoil inné. Bhí sé tinn.

**Agallamh**

*Seán:* Cá raibh tú inné?
*Colm:* Bhí mé sa bhaile. Bhí mé tinn.
*Seán:* Céard a bhí ort?
*Colm:* Bhí slaghdán orm. Tá mé go maith anois.

**C. Cleachtadh**

Cá bhfuil Colm agus Seán ag dul?
Céard/Cad atá ag Seán/Colm?
Céard atá siad a dhéanamh?
An raibh Colm ar scoil inné? Cá raibh sé?
Céard/Cad a bhí air? An bhfuil sé tinn anois?

**Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,**

m.sh. Ní raibh **Colm** ar scoil inné/**mé/tú/sé/sí/an múinteoir,** etc.
Bhí slaghdán **orm/ort/air/uirthi/ar Cholm,** etc.

**D. Leathnú.**

**Amhrán** (An ceol ar théip). Fonn: 'John Brown's Body'.

I

Chonaic mise tusa agus tú ag dul ar scoil,
Chonaic mise tusa agus tú ag dul ar scoil,
Chonaic mise tusa agus tú ag dul ar scoil,
Agus tú ag siúl go mall.

II

Chonaic mise Úna agus í ag dul ar scoil,
Chonaic mise Úna agus í ag dul ar scoil,
Chonaic mise Úna agus í ag dul ar scoil,
Agus í ag siúl go mall.